



**TIPPERARY HISTORICAL
JOURNAL 1993**

© County Tipperary Historical Society

www.tippstudiesdigital.ie

society@tipperarycoco.ie

ISSN 0791-0655

Clonoulty agus logainmneacha gaolmhara: bunús agus forás

le Pádraig Ó Cearbhaill

Ní hábhar dom san aiste seo cur síos a thabhairt ar stair eaglasta Clonoulty.¹ Ní miste a rá áfach go maireann cuid mhaith tagairtí luatha don bhfundúireacht a chuir na Teamplóirí ar bun,² timpeall na bliana 1200 meastar, agus a tháinig i seilbh Ridirí an Spidéil ("Knights Hospitallers") i dtús an 14ú haois.³ Cuireann raidhse na dtagairtí staireúla ar ár gcumas bunús agus forás teangeolaíoch an logainm a mheas. Cé gur i gcáipéisí Laidine nó Béarla a gheibhtear a lán den bhfianaise seo, agus cé go bhfuil easpa rialtachta ag baint leis na slite ina litríti an logainm i gcáipéisí dá sórt, tá athruithe ar bhunfhoirm an ainm thar thréimhse ama le sonrú san cáipéisí seo.

Breithneoidh mé an fhianaise staireúil atá againn ón tagairt is luaithe (1280c) go dtí deireadh an 15ú haois ar dtús báire. Cuirfidh mé síos cuid den bhfianaise úd ar an ainm atá cnuasaithe ag Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis.⁴ (Is é leagan amach atá ar an ábhar ná foirm an ainm, ansan dáta idir lúibíní agus an fhoinsé fá seach.): Clonaule (1280c) *Reg. St. Jn. B.* 342; Clonhawil (1281c) *Reg. St. Jn. B* 337; Clonaul (1327) *Reg. Kilm.* 14, 18; Clonawyll (1349) *Reg. Kilm.* 120; Clonawell (1486) IMED 50; Clonol (1492) CPL XIV 300. Is áirithe go gríochnaíonn foirmeacha an logainm ar chonsan i bhformhór na samplaí sa tréimhse ama seo. Sílim go léiríonn an fhianaise úd an fhoirm Ghaeilge *Cluain Abhall*. Foirm an ghinidigh iolra atá sa tara mír *Abhall*⁵ dar liom, agus is é ciall a bhainfinn as an logainm mar sin ná "móinéar na gcrann ull".⁶

Mar le fianaise an 16ú haois de, is é mo thuairim go léiríonn roinnt foirmeacha den logainm i gcáipéisí eagsúla sa tréimhse seo foirm dheifriúil den bhfocal *Abhall* — mar shampla Cloynhawly (1503) *Ann. Cass.* 25; Cloneawly (1572-3) COD V 238. Foirm an ghinidigh uatha (*Abhla*) atá sa tara mír den logainm um an dtaca sin dar liom. Dá mba i nGaeilge a scríofaí na foirmeacha úd a bhfuil foirceann -y acu, *Cluain Abhla* a bheadh ann.

Go luath sa 17ú haois áfach, tagann athrú tábhachtach eile ar litriú an ainm i gcáipéisí staireúla éagsúla. Faightear *t* saíteach ("intrusive") idir *l* an dara mír agus an guta déanach. Is é solaoid is luaithe atá feicthe agam ná Clonolty (1619) *Inq.* I 290. Seo roinnt samplaí eile de: Clonoulty (1654) CS II 93–6; Clouneoulty (1659) *Cen.* 304; Clonoula, Clonola *alias* Clonoulty (1699) 5 RDK 48; Clonolty (1754) *Vis. Bk.* XXXIII 71. Ar aghaidh go dtí Ainmleabhar Paróiste na Suirbhéireachta Ordanáis (Paróiste Clonoulty), agus ba é foirm Ghaeilge a scrígh Seán Ó Donnabháin ann le peann luaidhe ná C: *olltaigh*.⁷ Tá an chuma air gurbh í seo an fhoirm áitiúil Ghaeilge an uair úd (1840).⁸ Is ionann sin agus a rá gur foirm le *t* saíteach den mbunfhocal *abhall* a bhí in úsáid sa Ghaeilge an tráth úd.

Chuir Ó Donnabháin foirm Ghaeilge síos le dúch chomh maith san Ainmleabhar céanna. Sa chás seo *Cluain Olltaigh* a bhreac sé agus ba é míniú a thug sé air "lawn or meadow of the Ulstermen". Tá an míniú seo aige ar aon dul le seanchas áitiúil a bailfodh an uair úd faoi bhrí an ainm. I litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis (1840), feách gur scrígh an t-údar céanna faoin ainm, "Cluain Olltaigh which signifies the Cluain . . . of the Ulsterman, and there is a tradition at the place that the first church founded here was by an Ulsterman." (LSO I 102/278).⁹

Seo mar a fuaimníodh an logainm sa mbliaint 1980 de réir na taighde a dhein Brainse



Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis an bhliain sin, /klə̄ nəulti:/ agus /klə̄ no:lti:/. Sílim gur léiriú é *ollta*, foirm áitiúil Ghaeilge an Ainmleabhair, ar an bhfuaimniú */əulta/ sa tara mír den logainm, agus ar ndóigh níl de dheisir idir sin agus fuaimniú Béarla na bliana 1980 (an chéad sampla díobh) ach foghar an ghuta dhéanaigh /i:/, a d'eascair seans as foirmeacha scrite ar nos Clonoulty.

Más mian linn na príomhathruithe a d'imigh ar an tara focal (*Abhall*) a dh'achoiríú, mar seo a tharla dar liom: *Abhall* > *Abhla* (16ú haois) > *Abhalta* (17ú haois amach). Ní miste fiafraí cén míniú atá ar an *t* sáiteach úd?

Tréith choitianta a bhaineann (nó a bhain) le canúintí Gaeilge éagsúla i gCúige Mumhan is ea an fhorbairt seo ó thaobh na foghraíochta de, *lt* > *lh*¹⁰ — *fáilte* > *fálthe*, cuir i gcás.¹¹ Gheobhadh an t-athrú foghraíochta seo titim amach pé acu raibh an consan *l* leathan nó caol. Léiríodh an fhorbairt leis na samplaí seo ó cheantar na nDéise ina bhfuil *l* leathan: *althóir*, *reulthan*.¹² Mar léiriú breise ar an athrú fuaime seo, tógaimis an logainm *Killelton/Cill Eiltín* i gContae Phort Láirge (S.O. 24, 32).¹³ Tóगadh síos fuaimniú áitiúil an logainm timpeall na bliana 1962, /káilísíl'hi:/.¹⁴ Cad tá anseo ach an t-athrú *Eiltín* > *Eilthín* agus an -*n* déanach tite ar lár? D'ainneoin go bhfuil samplaí den logainm le fáil i gcáipéisí stairiúla ón 16ú haois i leith (mar shampla, Kyllelyne (1595) *Inq.* I 23), níl aon rian den chlaochú seo in aon chuid den bhfianaise scrite.

I gcanúintí áirithe tá fianaise ann gur imigh athrú breise fós ar -*lt*- (nó -*nt*-). Tógaimis na samplaí seo, cuir i gcás, ó cheantar Chloich na Coillte (ceantar a luafaidh mé arís ar ball), (a) /g'lounəxə/ (<*gleanntacha*). LASID II 88; (b) /b²oulín'e/, / — l^bin'e/ (<*Bealtaine*) LASID II 86. I gcás (b) d'athraigh -*lt*- > -*lh*- (>) -*l*.¹⁵ Bailíodh samplaí fánacha a léiríonn an fhorbairt chéanna in áiteanna éagsúla i gContae an Chláir, /sk'iplə/ (<*scéalta*) agus /'kəiLə/ (<*coilte*).¹⁶ Mar le bunús na bhfoirméacha seo de, mhínigh an t-údar (N. M. Holmer) “especially in the last work, the evolution of the diphthong (əi) seems impossible to explain, unless we reckon with an original sequence -*llt*-”.¹⁷

Ní beag san mar léiriú ar an bhforbairt a d'imigh ar *lt* i gcanúintí éagsúla Gaeilge a bhfuil eolas againn orthu. Ba mhinic áfach gur mhair foirméacha malartacha sna ceantracha inar tharla an t-athrú fuaime seo. Féach thusa mar shampla i gceantar Chloich an Coillte gur dúraíodh idir **Bealthaine* agus **Bealaine*.¹⁸ Bailíodh samplaí de *lh* agus *lt* ag malartú i gcanúint na Rinne (Co. Phort Láirge), cuir i gcás.¹⁹

D'fhonn an athraithe fhuaimse a d'imigh ar (*Cluain*) *Abhla* > *Abhalta* a mhíniú, measaim nár mhór idirchéim a bheith sa phróiséas, mar atá */əulhə/, cé nach bhfuil a leithéid d'fhoirm léirithe sa bhfianaise stairiúil atá curtha síos agam.²⁰ Is é mheasaim sa chás seo gur athraigh -*l*- > * -*lh*- > -*lt*- . Nuair ba fhorbairt choitianta chanúna í -*lt*- > -*lh*- (nó an dá ghrúpa chonsan ag malartú), níor dheacair a shamhlú go n-eascródh an fhoirm *Abhalta* as foirm ar nós **Abhalha*. A mhalaireart d'fhorbairt a tharla i gcás -*lt*- > -*lh*- (>) -*l*- i gcanúintí áirithe (faoi mar atá léirithe agam).

D'áireoinn dhá logainm eile i gCo. Thiobraid Árann ina bhfuil an fhoirm *Abhalta* le fáil. (a) Rossoult (baile fearainn atá léirithe ar S.O. 40, Paróiste (sibhialta) an Teampaill Bhig, Barúntacht Choill na Manach Uachtarach): Seo cuid den bhfianaise stairiúil ag dul siar go dtí lár an 17ú haois, Rosseoultagh, Rosoult (1654) CS II 117; Rosoult (1657) DS. Ba é foirm Ghaeilge a breacadh síos le peann luaidhe (féach nota 8 thusa) san Ainmleabhar Paróiste (bliain 1840) ná *ros Ollta*. Maidir leis an tara focal úd *Ollta*, sin é go díreach an chaoi inar litríodh *Abhalta* i gcás *Cluain Abhalta* san Ainmleabhar Paróiste (féach thusa). (b) Knockulty (baile fearainn atá léirithe ar S.O. 55, 64, Paróiste Lios Mhaolinn, Barúntacht Shliabh Ardach): Sa chás seo ní théann na foinsí stairiúla níos sia siar ná 1726, i ngníomhas a luann Knockoultagh (CGn. imleabhar 50, lch. 305, uimhir an ghníomhais 33121). Scríobhadh síos an fhaisnéis seo faoin bhfoirm Ghaeilge le peann luaidhe san Ainmleabhar Paróiste, *Cnoc olta not úll*.



Is é fáth nach bhfuil aon rian d'fhoirm gan *t* sáiteach (*Abhla*) i bhfianaise stáiriúil (**a**) agus (**b**) thuas, i m'thuairim, go raibh an clochlú foghraíochta *Abhla* > *Abhalta* tithe amach roimh lár an 17ú haois, tráth a dtosnaíonn fianaise (**a**). Cuimhnigh go dtéann an fhoirm is luaithe den ainm *Clonoulty* a léiríonn *t* sáiteach siar go dtí 1619 (féach thuas). Mar sin, is iad foirmeacha Gaeilge (**a**) agus (**b**) de réir na fianaise stáiriúla thuasluaithe ná **Ros Abhalta* agus **Cnoc Abhalta* fá seach.

Taobh amuigh de Cho. Thiobraid Árann, tá logainm eile ar m'eolas ina bhfuil an fhorbairt *Abhla* > *Abhalta* le feiscint. Baile fearainn *Ardultagh* atá i gceist agam in oirdheisceart Cho. na Gaillimhe, timpeall deich míle slí ó theorainn Thiobraid Árann. (Léirithe ar S.O. 107 (sraith Cho. na Gaillimhe), Paróiste Chill Chuáin, Barúntacht an Longfoirt.) Sid iad na foirmeacha is luaithe den logainm atá bailithe i mBrainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordánais, Ardeavly (1610) CPR 178; Ardowlie & Lisnowlty (1617) *Inq.* II 233. San Ainmleabhar Paróiste (bliain 1837), tugtar leid dúinn conas a d'fhuaimníte fóirm Ghaeilge an ainm an tráth úd: *Árd Olltach* pron [ounced] *Owltach*. Is ionann sin agus a rá gur défhoghar — */əu/ — a bhí sa chéad siolla den tara mír den ainm.²¹ Má dhéanaimid talamh slán de gurb é an bunfhocal céanna atá mar fhoircéann sa bhfoirm Lisnowlty (bliain 1617)²² agus atá in Ardowlie (bliain 1617), is léir uaidh sin go raibh an fhoirm **Abhalta* (le *t* sáiteach) le fáil um an dtaca sin. Tagann sé seo leis an bhfianaise is luaithe ar *t* sáiteach i gcás *Cluain Abhalta* thuas. Ina theannta san, ní dhéarfainn ná go léiríonn na foirmeacha Ardeavly, Ardowlie ó thosach an 17ú haois agus gan aon rian den *t* iontu, gur taca an ama sin a bhí an t-athrú fuaim ag titim amach.

Sna samplaí ar fad a pléadh go dtí seo, ba í an mhír chéanna *abhla* i logainmneacha ónar tháinig *abhalta* a bhí i gceist. Sampla d'fhocal eile i logainm ar imigh an t-athrú céanna foghraíochta air is ea an focal *cabhlach* (> *cabholtach*) sa logainm *Carraig an Chabhaltaigh / Carrigaholt*, sráidbhaile in iardheisceart Cho. an Chláir (léirithe ar S.O. 65, Paróiste agus Barúntacht Mhaigh Fhearta).²³ Tá eager curtha ar fhianaise stáiriúil an logainm, a thiomsaigh Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordánais, san irisleabhar *Dinnseanachas* (1972-3), V 97-9. Ní rún dom an fhianaise ar fad a chur síos anseo athuair. Ní miste a lua áfach go mbaineann an sampla is luaithe den *t* sáiteach leis an bliain 1625: Carrighoulta (1625) *Inq.* II 43. Ag tagairt do fhoirm na bliana úd, bhí an méid seo le rá ag eagarthóir an irisleabhair, Éamonn de hÓir (*loc cit.*, 99): “Ó tharla go bhfuil fianaise measartha iomlán ar fáil roimhe sin (ón gcéad sampla in 1569 [*Carryckycolly*]), agus gur dóichí cuid mhaith de na leaganacha a bheith bunaithe ar an rud a chualathas níos mó ná ar fhoirm scríofa, is féidir a mheas gur faoin am sin, nó go gearr roimhe, a tharla an t-athrú sa bhfuaim.”²⁴ Is beag ar fad an tréimhse ama atá idir seo agus an uair a tharla an t-athrú fuaim céanna i gcás samplaí eile a chonaiceamar.

Chun clabhsúr a chur ar an aiste seo, b'fhiú logainm eile fós a iniúchadh a léireodh b'fhéidir an t-athrú -l- > -lt-. *Clonakilty*, baile in iardheisceart Chontae Chorcaí (S.O. 135), atá i gceist agam. Is é *Cloich na Coillte* ainm oifigiúil Gaeilge an lae inniu.²⁵ Seo cuid d'fhianaise stáiriúil an logainm (Is ionann (*Twogh(e)*)—) i gcuid de na samplaí thíos agus *Tuath na Gaeilge* .i. an tuath ina raibh *Cloich na Coillte* suite): *Twoghenykiltehie* . . . *Twoghenykillehie* (1604) CPR 51; Cloghnikilty (1613) CPR 255; Cloughnikelty (1613) Council Bk. 350; Cloghnekeltie (1617) CPR 324; Cloghnekeelty, Cloghnakeelty, Clonekeelty, Cloghnekeltie, Twoghnakeelty (1620) CPR 479.

Mar le fianaise Ghaeilge de, bhreac an scríobhaí Mícheál Ó Longáin an fhoirm “láimh le *cloich na coillte*” (tuiseal tabharthach) timpeall na bliana 1800 (lámhscríbhinn RIA 23 G 23, Ich. 34). I gcás an Ainmleabhair Pharóiste (Paróiste Chill Gharbh, Barúntacht Chairbreach Thoir (Thoir), bliain 1840), tugann Seán Ó Donnabháin dhá fhoirm ar leith den ainm: (**a**) *Cloch na coillte*, agus (**b**) “I think this name is compounded of *cloch* . . . and *na gCoillte*, but I have never heard it pronounced.”²⁶ Ba é foirm Ghaeilge a fuarthas sa cheantar am éigin idir an blianta 1949 agus 1956 ná /klanə'k('i:l'e/ (LASID II 87).²⁷



Ach an fhianaise thus a scrúdú, is é mó thuairim gur féidir neamhshuim a dhéanamh de thuairimíocht Uí Dhonnabháin i gcás leagan (b) thusa, (*Cloch*) na gCoillte. Níl aon teimheal de urú ar C — an tríú focal in aon sampla dióbh. Maidir le leagan (a) Uí Dhonnabháin agus foirm Uí Longáin, (*Cloch/Cloich na* Coillte, má áitímid gur ó *Coille* a d'eascair an fhoirm seo agus gur léiriú é ar an bhforbairt -(l)l->-(l)lt-, ní mór géilleadh gur tharla dhá athrú fuaime, (i) guta gearr sa chéad siolla de *Coille* fadaithe agus (ii) -ll->-llt-, nó de réir litriú foghraíochta */kilə/ > */ki:l'tə/. Tá an chuma ar an scéal i gcás cheann d'fhoirmeacha 1604 thusa, go raibh -t- le fáil sa tríú mír den logainm um an dtaca sin. Má bhí, tá an dáta seo buille beag níos luithe ná an sampla is aosta de -t- sáiteach atá feicthe go dtí seo againn (bliain 1617, féach *Lisnowlty*). Is áirithe go bhfuil -t- i bhfoirm 1613 thusa pé scéal é.

B'fhéidir focal eile a áireamh a léireodh athrú -(l)l->-llt-. (Is léir pé r sa domhain de, ón bhfianaise ina hiomláine, gur focal baininscneach a bhí i bhfocal déanach an logainm.)²⁸ An focal *caoile* atáim ag áireamh, ón aidiacht *cáel* (féach DIL (1968) C, 26: *caíle ia*, f.). Faightear an focal seo cuir i gcás mar mhír sa logainm *Cruach na Caoile*, oileán amach ó chósta na Gaillimhe.²⁹ Dá mba é *Caoile* an bunfhocal d'áiteoinn (i bhfianaise samplaí eile atá scrúdaithe againn) gurb é seo an t-athrú a d'imigh air, *Caoile* (> *Caoilhe*) > *Caoilte* (ionann ó thaobh fuaime de agus *Coillte*).³⁰

(Gabhaim buíochas le Stiúrthóir na Suirbhéireachta Ordanáis as cead a thabairt dom leas a bhaint as obair thraighe a bhí déanta ag baill de Bhrainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis.)

Noda na bhFoinsí

Ann. Cass.	"Obligationes pro annatis diocesis Cassellensis" (<i>Archiv. Hib.</i> XXVIII, 1-32; 1966).
Barántas	<i>An Barántas</i> (eag. Ó. Fiannachta, 1978).
Cen.	<i>Census of Ireland, c.1659</i> (ed. Pender, 1939).
CGn.	Clárlann na nGníomhas.
COD	<i>Calendar of Ormond Deeds, I—VI</i> (ed. Curtis, 1932-43).
Council Bk.	<i>The Council Book of the Corporation of Kinsale from 1652 to 1800</i> (ed. Caulfield, 1879).
CPL	Calendar of Papal Letters (= <i>Calendar of Papal Registers, Papal Letters, A.D. 1198-1503</i> , I-XVI, ed. Bliss, Twemlow, Harren and Fuller, 1893-1986).
CPR	Calendar of Patent Rolls (= <i>Irish Patent Rolls of James I . . . , 1966</i>).
CS II	<i>Civil Survey II, Co. Tipperary (west & north)</i> (ed. Simington, 1934).
DIL	<i>Dictionary of the Irish Language, based mainly on Old and middle Irish Materials</i> (1913-76).
IMED	<i>Irish Monastic and Episcopal Deeds A.D. 1200-1600</i> (ed. White 1936).
Inq.	Inquisitions (lámhscríbhinní in RIA). Contaetha éagsúla i gceist agam.
LASID II	<i>Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects Vol II The dialects of Munster</i> (Wagner, 1964).
LSO	Litreacha na Suirbhéireachta Ordanáis (do Chontae Thiobraid Árann) eagrán cloíscríofa faoi stiúir an Athar M. O'Flanagan, Bré 1930.
Onom. Goed.	<i>Onomasticon Goedelicum Locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae</i> (ed. Hogan, 1910).
Ó Bruadair I	<i>Duanaire Dháibhidh Uí Bhruadair I</i> (ed. Mac Erlean, ITS XI, 1910).
RDK	<i>Report of the Deputy Keeper of the Public Records . . . in Ireland</i> (1869-).
Reg. Kilm.	<i>Registrum de Kilmainham . . .</i> (ed. McNeill, [1932]).
Reg. St. Jn. B	<i>Register of the Hospital of S. John the Baptist . . .</i> (ed. John Brooks, 1936).
RIA	Royal Irish Academy.
Vis. Bk.	"Archbishop Butler's Visitation Book" (<i>Archiv. Hib.</i> XXXIII, 1-90, XXXIV, 1-49; 1975, 1976/7).



Nótaí

1. Paróiste sibhialta i gContae Thiobraid Árann atá ann go dtí an lá inniu, tamall de mhílte siar ó dheas ó Mhainistir na Croiche. Is í *Cluain Abhla* (féach *Gasáitéal na hÉireann* (1989), 65) an fhoirm oifigiúil Ghaeilge atá ar bhaile poist *Clonoulty*, léirithe ar lch. 46, léarscáile na Suirbhéireachta Ordanáis ar scála sé orlaigh sa mhíl (S.O. feasta). Maireann an t-ainm chomh maith mar mhír in ainmneacha na mbailte fearainn seo leanas, (a) *Clonoulty Churchquarter*, S.O. 46, 52, (b) *Clonoulty Curragh*, S.O. 46, 52, (c) *Clonoulty Hill*, S.O. 46.
2. Tá cur síos ar na láithreacha a bhí ina seilbh in Herbert Wood, "The Templars in Ireland", *Proceedings of the Royal Irish Academy XXVI*, Section C, No. 14 (1907), lgh. 327-377. Féach chomh maith A. Gwynn, R. Hadcock, *Medieval Religious Houses of Ireland* (1970), 327 et. seq: The Knights Templars.
3. Féach A. Gwynn, R. Hadcock *op. cit.*, 332-342, agus *Reg. Kilm.*
4. Ag tarraingt ar bhuntaighde a deineadh sa mBrainse seo a bheidh mé cuid mhaith sa chuid eile den aiste.
5. Maidir le deilbhíocht an fhocail, féach *DIL* (1964) A, 9-10, S.V., *aball*.
6. Faigtear *Abhall* chomh maith céanna mar cháilitheoir sa tuiseal ginideach iolra i gcás an logainm seo leanas sa chontae céanna, *Lisín na nAbhall/Lisheenanoul*, S.O. 88, baile fearainn timpeall dhá mhíl soir ó dheas ó Ard Fhíonáin ar bhrúach theas na Siúire.
7. Níl sa C: ach giorrúchán do *Cluain*. Is léir sin ach an fhianaise bhreise ar an logainm ó láimh Uí Dhonnabháin san ainmleabhar a iniúchadh.
8. Féach an cur síos seo ar fhoirmearcha Gaeilge a scríobhadh le peann luaidhe i gcás Ainmleabhair Chontae Luimnígh: "In ainmleabhair chontae Luimnígh . . . binn píosa breise faisnéise tugtha a bhíonn fíorshuimiúil más feidir é a dhéanamh amach. Is é a bhíonn ann foirm Ghaeilge i bpeann luaidhe a scriobhadh, de réir dealraimh, ó chaith na háite agus go minic binn an chuma air gur iarrachta é ar fhuaimmeanna na cainte a chur síos go cruinn." A. Ó Maolfabhlai (eag.) *Logainmneacha na hÉireann I, Contae Luimnígh* (1990) xvii.
9. I dtaca le míniú seo Uí Dhonnabháin ar cháilitheoir an logainm, bhí sé den tuairim chéanna i gcás gach aon ainm eile thíos ina bhfuil (dar liomsa) an mhír **Abhalta*. Ní amháin sin, ach i gcás *Carraig an Chabhaltaigh* a bhfuil tuairisc air thuas, tuigeadh san áit "gur ó Ultaithe a chuir fúthu ann a tháinig an t-ainm". (*Dinnseanchas V* (1972-3), 99). Cuimhnigh nach bhfuil sna míniithe seo ach tuairimócht.
10. Féach cuir i gcás R. B. Breatnach, *The Irish of Ring, Co. Waterford* (1947), 129; B. Ó Cuiv, *The Irish of West Muskerry, Co. Cork* (1944, 1975), 108-9.
11. Tá samplá den bhfocal áirithe seo sa dá shaothar a luadh i nóta 10, /fa:l'həə/ R. B. Breatnach, *op. cit.*, 129, /fə:l'hi/B. Ó Cuiv, *op. cit.*, 108. Tugtar sampla den bhfuaimníu /fa:l(')hə/ in N. M. Holmer: *The Dialects of Co. Clare I* (1962) 72. Deir údar an tsaothair gurbh é gnáthfhuaimníu an fhocail i gCo. an Chláir /fə:l'təə/(*ibid.*, 72).
12. R. Henebry: *The Sounds of Munster Irish, being a contribution to the phonology of Desi-Irish . . .* (1898) 55.
13. Féach *Liostá Logainmneacha Contae Phort Láirge* (arna ullmhú ag Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis, 1991), 19.
14. Taighde a dhein Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis.
15. Léiriú ar an bpróiseás céanna atá i bhfuaimníu áitiúil Gaeilge an logainm *Cloich na Coillte* a thugtar thusa i dtreo dheireadh na haiste. Féach go raibh an tréith chéanna ag baint le hurlabhra Sheáin Uí Ao a rugadh tamall de mhílte siar ó *Chloich na Coillte* sa mbláin 1861 (S. & D. Ó Cróinín, *Seanachas ó Chairbre* (1985) xi). Is é deireann an t-eagarthóir (*ibid.*, 652) faoi -*lh-*, go n-imíonn "an -*th-* ar fad uaireanta agus ní bhíonn le clos ach -*l-*: ábala, crostála, seola, súncála etc."
16. N. M. Holmer: *op. cit.*, I (1962), 72. Tugtar sampla amháin ina bhfuil -*th-* / -*t-* tithe ar lár i gcanúint na Rinne, sin é an fhoirm /sblaχə/, foirm de *spealtacha* (R. B. Breatnach; *op. cit.*, 129). Tugtar foirmearcha deifríula de *spealtacha* ón gcanúint chéanna i nóta 19 thíos.
17. N. M. Homer: *op. cit.*, I 72.
18. Sampla eile d'éagsúlacht fhoirmearcha ón gceantar céanna fós ba ea leaganacha malartacha aidiacht bhriatharthá *ceangail*, /k'anjil'təə/, /k'anjel'əə/ (*LASID II* 80). Féach chomh maith nóta 15 thusa.
19. "There are cases in which *lh* and *lt* are alternatives . . . /sbal taxə/ and /sbəl haxə/. . ." R. B. Breatnach; *op. cit.*, 129 (Féach nóta 15 thusa chomh maith). Bailiódh samplá d'fhocail le *lt* in áit *lh* i nGaeilge Mhúscraí Thiar (B. Ó Cuiv, *op. cit.*, 108-9). Féach nóta 11 thusa maidir le Co. an Chláir.
20. Féach i gcás *Cill Eiltín*, nach bhfuil aon teimheal de -*th-* sa bhfianaise stairiúil ach chomh beag.
21. Níl an foghar seo bun os cionn le fuaimníu Gaeilge na samplá de *Abhalta* atá léirithe go dtí seo agam. Féach mar shampla fianaise *Cluain Abhalta*. B'fhéidir gurb ionann *Owlach* thusa agus **Abhaltach* (< *Abhlach*, féach *DIL* s.v. *ablach*), aidiacht ón mbunfhocal abhall.
22. *Lisnowly* ionann is **Lios an Abhalta?* Foroinn de bhaile fearainn *Ard Abhla* a bhí ann b'fhéidir.
23. Féach nóta 9 thusa maidir le míniú áitiúil a bhí ag góilte leis an logainm. Tugadh thusa (nóta 11) sampla de -*lt-* > -*lh-* a chualathas i gCo. an Chláir, agus ar leathanach den téacs samplá de -*lt-* > -*l-* ón gcontae céanna. Sampla eile fós de -*lh-* in áit -*lt-* is ea /re:lho:gə/ /(< realtàg(a)) Holmer; *op. cit.*, I 72 (féach chomh maith *LASID II* 251, uimh. 897). Ba as ceantar Charraig an Chabhaltaigh do na cainteoirí ónar tógadh an fhoirm seo *réalbhóig(a)*. Cé gur minic gur coimeádadh an fhuaim -*lt-* i bhfoircail i gcanúinti an Chláir (*ibid.*, I 72), is cinnte gur tharla an t-athrú -*lt-* > -*lh-* /(>)-*l-* i gcsáonna áirithe. Níl aon chúis mar sin nach "gceartófaí" (*hypercorrection*) foirm ar nós **Chab(h)aigh* agus go ndéanfaí *Chabhaltaigh* di. Go deimhin tá teacht againn ar shamplá den dá fhoirm seo den bhfocal. Deirtear cuir i gcás in *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* an Duinnínigh (1927) faoi fhuaimníu an fhocail *Cabhlach*, "somet[imes]



- pron [ounced] *cabhalthach*'' (*ibid.*, 144). Tugtar an fhuaim /koulhəx/ leis an mbrí "large . . . body (or trunk)" in B. Ó Cuív; *Cnósach Focal ó Bhiala Bhúirne* (1947), 62 faoin gceannfhocal *cobhltach*. Tugtar an fhoirm *colltaigh* (tuiséal ginideach) "of the fleet" i ndán a chum Dáibhí Ó Bruadair sa mbliaín 1652 (Ó Bruadair 142, 43). Is ionann seo agus an fhoirm mhálatach *cabhaltaigh* a thugtar in *Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill* (1977) 165.
24. Níorbh eol don eagarthóir cad ba chúis leis an athrú fuaimé (*loc. cit.*, 99). Tugtar leaganacha den aimm as foinsí Gaeilge san aiste chéanna. Níl rian den t sáiteach in aon fhoinsé diobh go dtí 1832: *Carrig a Colltaigh, Carruig a cobalta* (*loc. cit.*, 98). Níor mhór nádúr na fianaise a chur san áireamh agus na leaganacha Gaeilge gan t á meas. I bhfocail an eagarthóra (*loc. cit.*, 99): "is deacair a rá in aon chás ar leith an ar fhoinsé scríofa atá níos sine fós atá an leagan bunaithe nó nach ea." (Tá foirm eile Ghaeilge den logainm tar éis teacht chun solais ón uair a scríobhadh an t-alt úd, is é sin: *Carraig an Chabhla'* (roimh 1755, barántas a chum Aodh Buí Mac Cruitín *Barántas* 121).
25. Féach *Ainmeacha Gaeilge na mBailte Poist* (1969) 73, *Gasaiteár na hÉireann* (1989), 65.
26. Níor cuireadh Seán Ó Donnabháin riamh go Contae Chorcaí a bhailiú foirmeacha áitiúla na logainmneacha i gcomhair na Súirbhéireachta Ordanáis.
27. Ar ndóigh léiriú is ea an fhoirm seo ar an bhforbairt -*lt*->-*l*- atá pléite thusa sa téacs. Féach chomh maith nótáí 15 agus 18 thusa.
28. Níorbh fhéidir ar an mbonn sin an focal caille, "*name of a division of land*" *DIL* (1968) C, 28 a áireamh ón uair gur focal firinsneach é, mar is léir ó chuid mhaith samplaí faoin gceannfhocal céanna in *DIL*.
29. Féach *Gasaiteár na hÉireann* (1989) 81, *Onom. Goed.*, 311. Tugtar roinnt samplaí eile den bhfocal mar chálitheoir i logainmneacha in *Onom. Goed.*, ach i deacair deimhin a dhéanamh d'aon sampla diobh, (i) bragaid na caoile *Onom. Goed.*, 121 (ní léir cén fhoinsé as ar baineadh an fhoirm); (ii) glenn na caoile *Onom. Goed.*, 444 (foirm eile de (i) de réir an nótá lochtaigh (*Brágard na caoile* (sic)) a ghabhann léi), (iii) baile esa caoile *Onom. Goed.*, 80 (is léir ón taighde atá déanta ag N. Ó Muráis in *Mayo Places Their names and Origins* (1985) 40-41, gur Caolíte atá sa tríú mír ó cheart).
30. Chuir mé **Clo(i)ch na Coilltí* san áireamh mar fhoirm Ghaeilge chomh maith. Feach cuir i gcás *Quilty*, Co. an Chláir (S.O. 65, 72) fuaimnithe mar /əN̪ xi:l t'əx/, /əN̪ ki:l t'əx/ ag gaeilgeoirí ón cheantar (*Dinnseanchas III* (1968-9) 102). Thabharfadh leagan diobh sin foirm Ghaeilge *An Choilteach* dúinn. Dá mba é **Cloch na Coilltí* (ginideach *Coillteach*) bunfhoirm an logainm, chaithfí a áiteamh gur athraigh sé go dtí —*Coillte* (foirm Uí Longáin 1800c, mar shampa).

Early Ordnance Survey documentation of placenames and related matters records the popular local explanation of the derivation of the placename Clonoulty in 1840 as "meadow of the Ulsterman/Ulstermen". However, examination of many extant references to Clonoulty in historical documentation shows that this has no linguistic validity. The original form of the placename (found in 16th-century documentation), Cluain Abhall, means "meadow of the apple-trees". In early 17th-century documents an intrusive -t- (e.g. Clonollty) appears, which also occurs in other Co. Tipperary placenames (e.g. Rossoult, Knockulty). This phonetic development is probably related to a regular feature of Munster Irish dialects, in which original -lt- in words becomes -lh- or is reduced to -l-.

